



Ár dTuairisc Fheilmheastóireachta agus Plean Feabhsúcháin

1. Réamhrá

Cláraíonn an doiciméad seo na torthaí ónár bplean feabhsúcháin deiridh, torthaí na féilmheastóireachta seo, agus ár bplean feabhsúcháin reatha, lena n-áirítear spriocanna agus na gníomhartha a dhéanfaimid chun na spriocanna a bhaint amach.

1.1 Fócas an meastóireachta seo

Rinneamar féilmheastóireacht ar theagasc agus ar fhoghlaim le linn na tréimhse *Meán Fómhair 2017* go Meitheamh 2018. Rinneamar meastóireacht ar an ngné (na gnéithe) seo a leanas de theagasc agus foghlaim:

- Rannpháirtíocht: Suim na ndaltaí i saol na scoile a thomhas agus rannpháirtíocht a mheas. Fonn na ndaltaí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí scoile a mhéadú.
- Uimhearthacht: Cumas na ndaltaí leas a bhaint as codáin, deachúlacha agus céatadáin a mheas. Cumas na ndaltaí leas a bhaint as codáin, deachúlacha agus céatadáin a fheabhsú le linn na bliana.
- Litearthacht: Cruinneas teangan a chur chun cinn. Cumas na ndaltaí ceisteanna cruinne a chur. Cumas na ndaltaí réimse briathra a úsáid san fhoirm cheisteach a neartú. Béim a chur a cheisteanna i dtimpeallacht na scoile agus sna seomraí ranga.

1.2 Torthaí ónár bplean feabhsúcháin deiridh ó 1/9/18 go 31/5/19

- Rannpháirtíocht; Dhíríomar ar rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim i mbliana. Déanadh tástáil i Mí Mheán Fómhair a thaispeáin dúinn gur ghlac 72.6% páirt i ngníomhaíocht seach-churaclaim ar a laghad. Tháinig méadú íseal ar an gcéatadán le linn na bliana go 75.2%.
- Uimhearthacht: Dhíríomar ar chumas na ndaltaí i dtaobh codáin, deachúlacha agus céatadáin. Bhí na daltaí in ann na buncheisteanna a fhreagairt ach is léir nach raibh sé ar a gcumais na ceisteanna deacra a chur i gcríoch. Ar an iomlán, tháinig laghdú 4% ar rathúlacht na ndaltaí idir Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair. Sna codáin, tháinig feabhas ar gcéad dá cheist ach chuaigh an tríú ceist in olcas 10%. Sna deachúlacha tháinig feabhas sa chéad cheist ach chuaigh na ceisteanna eile, chomh maith le gach ceist maidir le céatadán in olcas.
- Litearthacht: Dhíríomar ar cheisteanna a chur le linn na bliana. Cuireadh struchtúr ceiste nua os a gcomhair ag tús na seachtaine. Tugadh dhá cheist déag do na daltaí i Meán Fómhair le scríobh amach agus arís ag deireadh na bliana. Ar an iomlán, d'ardaigh líon na gceisteanna a bhí na daltaí in ann scríobh amach i gceart agus bhog an clogchuar suas.

2. Torthaí

2.1 Is cleachtadh éifeachtach / an-éifeachtach é seo inár scoil *Liostaigh príomhláidreachtaí na scoile sa teagasc agus san fhoghlaim.*

- Baineann daltaí a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí scoile an-taitneamh astú. Ach, go minic, is iad na daltaí céanna a ghlacann páirt iontu go léir.
- Bíonn deiseanna rialta ar fáil do dhaltaí páirt a ghlacadh i réimse leathan gníomhaíochtaí seach-churaclaim.
- Tá an cumas ag níos mó ná leath de dhaltaí in ann dul i ngleic le codáin, deachúlacha agus céatadáin ag leibhéal bunúsach agus ag leibhéal níos airde.
- Léiríonn na daltaí eolas agus cumas maidir le ceist a chur ach tá sé soiléir go bhfuil an struchtúr dúshlánach – go mórmhór le haimsirí difriúla.
- Bíonn Gaeilge chruinn infheicthe timpeall na scoile.
- Tá réimse leathan gníomhaíochtaí ar fáil sa scoil ach tá dúshlán os ár gcomhair mionlach a spreagadh chun a bheith rannpháirteach.
- Is léir dúinn nach dtagann feabhas go héasca ach go ndéantar obair dhian chun na daltaí a spreagadh.

2.2. Seo an chaoi is eol dúinn

Liostaigh na foinsí fianaise. Déan tagairt do mheonta, gnóthachtáil, eolas agus scileanna scoláirí.

- Bíonn líon ard daltaí ó ranganna ag freastail ar imeachtaí le linn na bliana. D'fhéadfadh feabhas teacht, áfach, i ngrúpaí ar leith. Go ginearálta, bíonn formhór na ndaltaí a ghlacann páirt i ngníomhaíocht amháin páirteach i gcinn eile chomh maith.
- Leagtar béim ar dheiseanna a thapú sa scoil agus déantar an-iarracht daltaí ó gach rang a spreagadh chun tabhairt faoi imeachtaí difriúla.
- Tá tástáil déanta ar codáin, deachúlacha agus céatadáin. Is léir dúinn ón bhfianaise seo go bhfuil caighdeán réasúnta ann i measc na daltaí ach nach dtagann feabhas gan obair leanúnach.
- Bailíodh fianaise ar chumas na ndaltaí ceisteanna a chur chomh maith. Bhíodh ceist ar leith infheicthe agus á úsáid sa seomra ranga gach seachtain. Níor tháinig feabhas suntasach agus is gá níos mó ama a thabhairt don chruinneas teangan sú isteach.
- Déanadh tástáil ar an rannpháirtíocht ag tús agus ag deireadh bliana a léirigh dúinn go bhfuil thart ar 20% de dhaltaí nach nglacann páirt i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim ar bhonn rialta.

2.3 Seo a bhfuilimid chun díriú air d'fhonn ár gcleachtadh a fheabhsú a thuilleadh

Sonraigh na gnéithe de theagasc agus foghlaim atá aitheanta agus curtha in ord tosaíochta ag an scoil do thuilleadh feabhsúcháin.

- Cruinneas teangan na múinteoirí a neartú le córas tacaíochta
- Cruinneas teangan na ndaltaí a neartú le hamhránaíocht
- Fios na ndaltaí ar inscne an ainmfhocal a mhéadú
- Piar-bhreathnú a snoí i gcultúr na scoile
- Measúnú foirmitheach a chur chun cinn i measc na múinteoirí

3. Ár bplean feabhsúcháin

Ar an gcéad leathanach eile tá cláraithe againn:

- Na **spriocanna** d'fheabhsúchán atá socraithe againn
- Na **gníomhartha** a dhéanfaimid chun iad seo a bhaint amach
- **Cé atá freagrach** as ár bplean feabhsúcháin a chur i bhfeidhm, agus monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh air
- Conas a dhéanfaimid **dul chun cinn** a thomhas agus **torthaí** a sheiceáil (critéir don rath) De réir mar a chuirimid ár bplean feabhsúcháin i bhfeidhm, déanfaimid na nithe seo a thaifeadadh:
- An **dul chun cinn** a rinneadh, agus **leasuithe** a rinneadh, agus **cathain**
- **Gnóthachtáil spriocanna** (cinn bunaidh agus cinn leasaithe), agus **cathain**

Teagasc agus Foghlaim

Fócas do 2019-20

Caighdeán	Post	Ról	Cé a dhéanfaidh é?	Cathain?	Bainte amach?	Bainteach le PFS 2020-21
I gcomhar lena chéile forbraíonn na múinteoirí agus cuireann siad i bhfeidhm cleachtais measúbaithe fhoirmitheacha agus shuimitheacha atá comhsheasamhach agus iontaofa	Tuairisciú, Measúnú Foirmitheach agus Aiseolas	<p>Liosta de ráitis oiriúnach le haghaidh tuairiscí téarmúla a dhéaradh.</p> <p>Aiseolas foirmitheach a úsáid i slíte difriúla sa rang. Aiseolas a thabhairt don fhoireann ar an obair seo.</p> <p>Aiseolas a lorg ar conas é seo a leathnú amach.</p>	Fo-ghrúpa múinteoirí faoi stiúir Donnchadh Ó Cróinín	Deireadh Fómhair 2019, Eanáir 2020, Aibreán 2020		
Cuidíonn na múinteoirí leis an achmhainn uile-foirne a thógáil trína saineolas a chomhroinnt	Cruinneas teangan i measc na múinteoirí a spreagadh	<p>1. Córas tacaíochta a chur ar fáil ionas go roinnfear sleamhnáin/ephostanna, srl le múinteoir eile sula roinnfear le daltaí iad.</p> <p>2. Ceachtanna Gaeilge a dhéanamh ag gach Cruinniú Foirne</p>	<p>1. Fo-ghrúpa múinteoirí faoi stiúir Micheál Ó Sé</p> <p>2. Gach múinteoir.</p>	An scoibhliain ar fad.		

		3. Ceachtanna Gaeilge a roinnt ar Drive	3.Gach múinteoir		
Tá meas ag na múinteoirí ar an bhforbairt ghairmiúil agus ar an gcomhoibriú gairmiúil agus glacann siad páirt iontu	Piabhreithniú	Fo-ghrúpa a dhéanfaidh Piabhreithniú ar a chéile. Aiseolas a fháil ar conas é seo a leathnú amach	Fo-ghrúpa múinteoirí faoi stiúir Niamh Furlong agus Pól Ó Drisceoil	Meán Fómhair 2019 – Aibreáin 2020	
Fásann na scoláirí mar fhoghlaimoirí trí idirghníomhaíochtaí ómósacha agus éispéiris atá dúshlánach agus tacaíoch	Cruinneas teangan a fheabhsú tré amhránaíocht	Amhrán traidisiúnta tré Ghaeilge a mhúineadh do gach rang. Comórtas idir-ranga a eagrú trí uair sa bhliain	Roinn na Gaeilge agus Rachael Ní Dhonnabháin	1.Roimh Samhain 2019 2.Meán Fómhair – Aibreáin 3.Bealtaine 2020	
Cuidíonn na múinteoirí leis an achmhainn uile-foirne a thógáil trína saineolas a chomhroinnt	Úsáid a bhaint as G-Suite, Classrooms agus Drive ach go háirithe.	Classrooms a úsáid chun eolas/obair a roinnt le daltaí. Drive a úsáid chun achmhainní/obair/eolas a roinnt le daltaí agus múinteoirí.	Gach ball fóirne faoi stiúir Clíodhna Ní Chuirce	An scoilbhliain ar fad	

